*Páirtí eile sna himeachtaí:* an tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí

Le hordú an 5 Deireadh Fómhair 2022, dhíbh an Chúirt (an Seachtú Dlísheomra) don achomharc toisc é a bheith doghlactha go follasach agus d'ordaigh sí do na hachomharcóirí a gcostais féin a íoc.

---

**Achomharc arna thabhairt an 2 Márta 2022 ag FZ agus páirtithe eile i gcoinne breithiúnas na Cúirte Ginearálta (an tOchtú Dlísheomra) a tugadh an 15 Nollaig 2021 i gCás T-618/20, FZ agus páirtithe eile v an Coimisiún**

**(Cás C-172/22 P)**

(2022/C 441/07)

*Teanga an cháis: an Fhraincis*

**Páirtithe**

*Achomharcóirí:* FZ agus páirtithe eile (ionadaí: J.-N. Louis, avocat)

*Páirtí eile sna himeachtaí:* an Coimisiún Eorpach

Le hordú an 5 Deireadh Fómhair 2022, dhíbh an Chúirt (an Seachtú Dlísheomra) don achomharc toisc é a bheith doghlactha go follasach agus d'ordaigh sí do na hachomharcóirí a gcostais féin a íoc.

---

**Iarraidh ar réamhrialú ó Landgericht Frankfurt am Main (an Ghearmáin) a taisceadh an 29 Iúil 2022 – AQ v trendtours Touristik GmbH**

**(Cás T-511/22)**

(2022/C 441/08)

*Teanga an cháis: an Ghearmáinis*

**An chúirt a rinne an tarchur**

Landgericht Frankfurt am Main

**Páirtithe sna príomhimeachtaí**

*Iarratasóir:* AQ

*Cosantóir:* trendtours Touristik GmbH

**Na ceisteanna a tharchuirtear**

1. An gcaithfear an chéad abairt d'Airteagal 12(2) de Threoir (AE) 2015/2302 [1] ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Samhain 2015 maidir le taisteal láneagraithe agus socruithe taistil nasctha lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh 2006/2004 agus Treoir 2011/83/AE agus lena n-aisghairtear Treoir 90/314/CEE ón gComhairle ("an Treoir maidir le taisteal láneagraithe") a léiriú sa chaoi go bhforáiltear ceart chun foirceannadh leis – de bhreis ar an gceart dá bhforáiltear in Airteagal 12(1) den Treoir sin – nach mbeidh feidhm ag a iarmhairtí dlíthiúla ach amháin má dhéanann an taistealaí an ceart sin a agairt ina dhearbhú foirceanta?

2. An gcaithfear Airteagal 12(2) den Treoir maidir le taisteal láneagraithe a léiriú sa chaoi nach dtagann deireadh le hoibleagáid táille foirceanta a íoc i gcás nach luann an taistealaí cúis ina dhearbhú maidir le foirceannadh an chonartha taistil láneagraithe nó a luann sé cúis nach mbaineann le himthoisc dhosheachanta agus urghnách?

---

[1] IO 2015 L 326, lch. 1.